



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs

Single Market Enforcement

Notification of Regulatory Barriers

Uimhir an Fhógra : 2024/0283/IE (Ireland)

Dréachtchód Sábháilteachta ar Líne

An dáta ar a bhfuarthas é/í : 27/05/2024

Deireadh leis an Tréimhse Neamhghníomhaíochta : 28/08/2024 (closed)

Message

Teachtairacht 001

Teachtairacht ón gCoimisiún — TRIS/(2024) 1369

Treoir (AE) 2015/1535

Fógra a thabhairt 2024/0283/IE

Dréacht-téacs a fhógairt ó Bhallstát

Notification – Notificación – Notifizierung – Нотификация – Oznámení – Notifikation – Γνωστοποίηση – Notificación – Teavitamine – Ilmoitus – Obavijest – Bejelentés – Notifica – Pranešimas – Paziņojums – Notifika – Kennisgeving – Zawiadomienie – Notificação – Notificare – Oznámenie – Obvestilo – Anmälan – Fógra a thabhairt

Does not open the delays - N'ouvre pas de délai - Kein Fristbeginn - Не се предвижда период на прекъсване - Nezahajuje prodlení - Fristerne indledes ikke - Καμία έναρξη προθεσμίας - No abre el plazo - Viivituste perioodi ei avata - Määräaika ei ala tästä - Ne otvara razdoblje kašnjenja - Nem nyitja meg a késésekét - Non fa decorrere la mora - Atidējimai nepradedami - Atlikšanas laikposms nesākas - Ma jiftaħ il-perijodi ta' dewmien - Geen termijnbegin - Nie otwiera opóźnień - Não inicia o prazo - Nu deschide perioadele de stagnare - Nezačína oneskorenia - Ne uvaja zamud - Inleder ingen frist - Ní osclaíonn sé na moilleanna

MSG: 20241369.GA

1. MSG 001 IND 2024 0283 IE GA 27-05-2024 IE NOTIF

2. Ireland

3A. National Standards Authority of Ireland

1 Swift Square

Northwood

Santry

Dublin 9

D09 A0E4

E-mail: EUDirective2015.1535@nsai.ie

Telephone: +353 1 807 3854

3B. Coimisiún na Meán

One Shelbourne Buildings

Shelbourne Road

Dublin 4

D04 NP20



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

Contact person: Calum Fabb

Email: cfabb@cnam.ie / Telephone: +353 (0)1 644 1281

4. 2024/0283/IE - SERV - Seirbhísí na Sochaí Faisnéise

5. Dréachtchód Sábháilteachta ar Líne

6. Seirbhísí ardáin comhroinnte físeán ("VSPS") a chumhdaítear le Treoir 2010/13/AE arna leasú le Treoir (AE) 2018/1808 ("Treoir AVMS").

7.

8. Beartaíonn Coimisiún na Meán an Cód Sábháilteachta Ar Líne a ghlacadh chun éifeacht a thabhairt d'Airteagal 28b de Threoir AVMS. Tá dhá chuid sa dréachtchód.

Tá forálacha tosaigh i gCuid A lena ndeimhnítear, i measc nithe eile, nach bhfuil feidhm ag an gCód ach amháin maidir le soláthraithe VSPS faoi dhlinse an Stáit, agus nach bhforchuireann aon bheart rialaithe ex ante nach gcomhlíonann Airteagal 8 den Ghníomh um Sheirbhísí Digiteacha. I gCuid A tá oibleagáidí ginearálta do sholáthraithe VSPS de bhun Roinn 139K de Ghníomh Craolacháin na hÉireann 2009 agus Airteagal 28b den Treoir AVMS. Áirítear leis sin na bearta a dhéanfaidh soláthraithe VSPS, de réir mar is iomchuí, chun an pobal i gcoitinne agus leanaí a chosaint.

Le Cuid B forchuirfear oibleagáidí níos sonraí ar sholáthraithe VSPS agus leagtar amach inti na bearta iomchuí nach mór dóibh a dhéanamh chun na cosaint a sholáthar do leanaí agus don phobal i gcoitinne a cheanglaítear le hAirteagal 28b(1)(a), (b) agus (c) den Treoir, agus chun ceanglais Airteagal 9(1) a chomhlíonadh. Is iad seo a leanas:

Ábhar: Ceanglófar ar sholáthraithe VSPS srianta a chur san áireamh, i dtéarmaí agus coinníollacha éigeantacha, chun cosc a chur ar úsáideoirí ábhar físe srianta agus ábhar srianta dodhealaithe ó úsáideoirí a uaslódáil nó a chomhroinnt (mar a shainítear). Ceanglófar ar sholáthraithe VSPS freisin i dtéarmaí agus coinníollacha srian a chur le huaslódáil nó comhroinnt ábhair físe do dhaoine fásta amháin (mar a shainítear) nó an t-ábhar a mheas mar ábhar nach bhfuil oiriúnach do leanaí. Ardáin a bhfuil a bpríomhchuspóir (nó cuspóir roinne indealaithe) comhdhéanta d'ábhar físe do dhaoine fásta amháin, ní mór dóibh cosc a chur ar leanaí an ardáin nó na rannóige a úsáid.

Cumarsáid tráchtála closamhairc: Ceanglófar ar sholáthraithe VSPS a chinntiú go bhfuil cumarsáid den sórt sin inaitheanta go héasca; toirmeasc a chur ar theachtaireachtaí tráchtála closamhairc díobhálacha agus orthu siúd atá folaitheach; agus feidhmiúlacht a chur i bhfeidhm d'úsáideoirí chun a dhearbhu an bhfuil cumarsáid den sórt sin in ábhar a uaslódáil siad.

Sásraí agus nósanna imeachta: Ceanglófar ar sholáthraithe VSPS sásraí agus nósanna imeachta tuairiscithe agus comharthaíochta a bhunú agus a oibriú chun gearáin a láimhseáil agus a réiteach. I gcás nach gcuireann téarmaí agus coinníollacha bac ar ábhar físe do dhaoine fásta amháin, beidh gá le bearta dearbhaithe aoise agus córais rátála ábhair. Beidh ar sheirbhísí a cheadaíonn d'úsáideoirí faoi bhun 16 bliana d'aois rialuithe tuismitheoirí a sholáthar. Ceanglóidh an Cód ar sholáthraithe VSPS a dtéarmaí agus a gcoinníollacha a chur i bhfeidhm d'fhonn cuntais sáraitheoirí rialta a chur ar fionraí.

Oibleagáidí eile: Leis an gCód, ceanglófar ar sholáthraithe VSPS plean gníomhaíochta bliantúil maidir le litearthacht sna meáin a fhoilsiú; a chinntiú nach ndéantar sonraí pearsanta leanaí a bhailíonn siad a phróiseáil chun críocha tráchtála; agus tuarascáil a thabhairt do Choimisiún na Meán ag eatraimh shonraithe maidir le gearáin a láimhseáil.

9. Ceann de phríomhdhualgaí Choimisiún na Meán faoin nGníomh Craolacháin 2009 is ea cóid sábháilteachta ar líne a fhorbairt do VSPS agus do sholáthraithe na seirbhísí sin. Léirítear leis sin na hoibleagáidí faoi Airteagal 28b de Threoir AVMS. Tá an dréachtchód ullmhaithe ag Coimisiún na Meán, a bhfuil sé mar aidhm aige a chinntiú go ndéanann



EUROPEAN COMMISSION

Directorate-General for Internal Market, Industry, Entrepreneurship and SMEs
Single Market Enforcement
Notification of Regulatory Barriers

soláthraithe VSPS bearta iomchuí chun leanaí a chosaint ar ábhar díobhálach, lena n-áirítear ábhar neamhdhleathach agus ábhar físe do dhaoine fásta amháin. Tá sé beartaithe freisin an pobal i gcoitinne a chosaint ar ábhar arb ionann é agus gríosú chun foréigin nó fuatha, briogadh chun cion sceimhlitheoireachta a dhéanamh, scaipeadh ábhair mí-úsáide gnéasaí leanaí, cionta a bhaineann le ciníochas nó seineafóibe chomh maith le cumarsáidí tráchtála áirithe. Oibreoidh an Cód i gcomhar le bearta eile chun úsáideoirí a chosaint ar dhíobháil, lena n-áirítear an Gnómh um Sheirbhísí Digiteacha agus an Rialachán maidir le hÁbhar Sceimhlitheoireachta ar Líne.

10. Tagairtí na mBuntéacsanna: 2020/0782/IRL

Cuireadh na buntéacsanna ar aghaidh le fógra níos luaithe:
2020/0782/IRL

11. Ní hea

12.

13. Ní hea

14. Ní hea

15. Ní hea

16.

Gnéithe BTT: Ní hea

Gnéithe SPS: Ní hea

An Coimisiún Eorpach

Pointe teagmhála Treoir (AE) 2015/1535

ríomhphost: grow-dir2015-1535-central@ec.europa.eu